Roinn na Gaeilge

MA sa Nua-Ghaeilge 2011-2012

Tá trí chuid sa chúrsa: (i) Teanga na Nua-Ghaeilge (ii) Litríocht agus Léann na Gaeilge: 3 mhodúl le roghnú (iii) Tráchtas agus Modhanna taighde.

CUID 1
TEANGA NA NUA-GHAEILGE
20 ECTS agus 200 marc

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 523	**1&2**	**2**	**20**

Teanga na Nua-Ghaeilge

Léachtóirí: An tOllamh Gearóid Denvir, An Dr. Feargal Ó Béarra, Séamus Ó Coileáin, MA

Cur síos ar an gcúrsa: Is cúrsa riachtanach é seo a chabhraíonn leis an mac léinn barr feabhais ar leibhéal máistreachta a chur ar a c(h)uid eolais ar cheart na Gaeilge agus ar a scileanna scríbhneoireachta idir bhuncheapadóireacht agus aistriúchán.

Modh measúnachta:

1. Scrúdú foirmeálta scríofa ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh maille le measúnú leanúnach ar obair scríofa ranga i gcaitheamh na bliana.
2. Reáchtálfar scrúdú cainte an chláir le linn an tsanhraidh, roimh don mhac léinn an tráchtas a chur faoi bhráid na hollscoile. Bunófar an scrúdú cainte ar ábhar an tráchtais. Beifear ag súil leis go léireoidh gach iarrthóir máistreacht ar an teanga acadúil a mbeifí ag súil léi i miontráchtas MA: ardleibhéal cruinnis, tuiscint ar shaintéarmaíocht chuí, ionramháil stíle, réim fhoirmiúil teanga srl. Is fiú 50 marc an scrúdú cainte seo (as 200 marc don mhodúl NG 523).

CUID 2
LITRÍOCHT AGUS LÉANN NA GAEILGE
Domhainstaidéar ar THRÍ ábhar acu seo thíos
10 ECTS agus 100 marc an ceann
Ní gá go mbeadh gach cúrsa acu seo ar fáil i mbliain áirithe ar bith.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 503	**1&2**	**2**	**10**

Filíocht na Scoileanna

Léachtóir:

Cur síos ar an gcúrsa: I bpáirt le mic léinn an chúrsa seo roghnófar duanta bairdne ar leith as saothar fhilí na scoileanna. Déanfar na duanta sin a scrúdú ó thaobh a dtéamaí, agus na teanga. Cuirfear eolas go speisialta ar na meadarachtaí éagsúla a chleacht filí na bairdne.

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 504	**1&2**	**2**	**10**

An file agus an pátrún, A.D. 1200-1900

Léachtóir:

Cur síos ar an gcúrsa: Sa chúrsa seo roghnófar duanta as ceann/nó tuilleadh de na duanairí filíochta a cumadh do chlanna ar leith in Éirinn le linn na tréimhse seo. Scrúdófar an fhilíocht mar léiriú ar cheird agus ar stádas an fhile i sochaí an ama. Beidh aird ar leith ar theanga agus ar mheadaracht na filíochta.

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 505	**1&2**	**2**	**10**

Prós na Gaeilge, A.D. 1200-1600

Léachtóir: An Dr. Nollaig Ó Muraíle

Cur síos ar an gcúrsa: Tabharfar léargas ar an éagsúlacht mhór ábhair agus stíle atá sna saothair phróis a scríobhadh sa tréimhse seo agus déanfar mionstaidéar ar cheann amháin acu.

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 507	**1&2**	**2**	**10**

Litríocht an 17ú haois

Léachtóir: An Dr. Nollaig Ó Muraíle

Cur síos ar an gcúrsa: Léireofar cé mar a chuaigh na hathruithe móra i saol na hÉireann sa 17ú haois i bhfeidhm ar litríocht na Gaeilge agus lucht a saothraithe idir fhilí agus scríbhneoirí próis

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 508	**1&2**	**2**	**10**

Litríocht an 18ú haois

Léachtóir: Ní bheidh an cúrsa seo ar fáil i mbliana.

Cur síos ar an gcúrsa: Déanfar scagadh ar shaothrú na litríochta sa dá cheantar ba mhó tábhacht san ochtú haois deag, Cúige Mumhan agus Oirialla. Ina theannta sin scrúdófar an spéis a bhí á léiriú ag lucht an chinsil i saíocht na Gaeilge i mblianta deireanacha na haoise.

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 516	**1&2**	**2**	**10**

Filíocht pholaitiúil na Gaeilge

Léachtóir: An Dr. Nollaig Ó Muraíle

Cur síos ar an gcúrsa: Díreofar ar an leas a baineadh as an bhfilíocht mar mheán le tuairimí faoi pholaitíocht agus faoi staid na hÉireann, go háirithe sa 17ú haois, a chur in iúl.

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 518	**1&2**	**2**	**10**

An Chanúineolaíocht agus staidéar ar aon chanúint amháin

Léachtóir: Ní bheidh an cúrsa seo ar fáil i mbliana.

Cur síos ar an gcúrsa: Sa chúrsa seo rianaítear stair na gcanúintí Gaeilge in Éirinn agus déantar anailís ar na príomhchanúintí. Roghnaítear aon chanúint amháin freisin le mionstaidéar a dhéanamh uirthi.

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 520	**1&2**	**2**	**10**

Gaeilge na hAlban: teanga nó litríocht

Léachtóir: Ní bheidh an cúrsa seo ar fáil i mbliana.

Cur síos ar an gcúrsa: Pléifear gnéithe de theanga nó de litríocht Ghaeilge na hAlban agus déanfar mionstaidéar ar théacsanna cuí.

Modh measúnachta: scrúdú foirmeálta ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh nó aiste 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh de réir mar a chinnfidh an léachtóir.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 522	**1&2**	**2**	**10**

Scríobhaithe agus lámhscríbhinní na Nua-Ghaeilge

Léachtóir: An Dr. Feargal Ó Béarra

Cur síos ar an gcúrsa: Scrúdófar saothar na scríobhaithe a bhí i mbun cúrsaí lámhscríbhneoireachta idir an 13ú haois agus an 19ú haois agus cuirfear ar chumas an iarchéimí lámhscríbhinní de chuid na tréimhse seo a léamh.

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 525	**1&2**	**2**	**10**

Irisí agus nuachtáin na Nua-Ghaeilge

Léachtóir: Ní bheidh an cúrsa seo ar fáil i mbliana.

Cur síos ar an gcúrsa: Déanfar staidéar sa chúrsa seo ar stair na n-irisí agus na nuachtán Gaeilge ó thús na hAthbheochana go dtí an lá atá inniu ann, ag díriú ach go háirithe ar na cinn is mó a d'imir tionchar ar chinniúint na Gaeilge. Breathnófar fosta ar stair na colúnaíochta Gaeilge sna nuachtáin logánta agus náisiúnta Bhéarla sa tréimhse chéanna.

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 526	**1&2**	**2**	**10**

Gnéithe de phrós an 20ú haois

Léachtóirí: An tOllamh Gearóid Denvir

Cur síos ar an gcúrsa: Pléifear an forás a tháinig ar phrós na Gaeilge in imeacht an 20ú haois idir litríocht chruthaitheach agus litríocht dhioscúrsúil. Déanfar mionphlé ar shaothar údar ar leith.

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 527	**1&2**	**2**	**10**

Gnéithe d'fhilíocht an 20ú haois

Léachtóirí: An tOllamh Gearóid Denvir

Cur síos ar an gcúrsa: Pléifear fás na nuafhilíochta ó thús an fichiú haois agus díreofar go mion ar shaothar filí ar leith in imeacht na tréimhse.

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 528	**1&2**	**4**	**10**

Gnéithe den tSochtheangeolaíocht

Léachtóir: An Dr. John Walsh

Cur síos ar an gcúrsa: Tugtar léargas don mhac léinn ar theoiric agus ar chleachtas na sochtheangeolaíochta, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Scrúdaítear roinnt de choincheapa bunúsacha na sochtheangeolaíochta agus leagtar béim ar leith ar bheartas teanga agus ar idé-eolaíocht teanga. Chomh maith le plé ar an nGaeilge, déantar staidéar ar teangacha eile.

Modh measúnachta: cur i láthair sa chéad seimeastar; aiste/togra 5,000 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 529	**1&2**	**2**	**10**

Ainmeolaíocht na Gaeilge

Léachtóir: An Dr. Nollaig Ó Muraíle

Cur síos ar an gcúrsa: Scrúdófar bunús, forbairt agus struchtúr an ollchorpais ainmneacha sa Ghaeilge, idir ainmneacha pearsanta, sloinnte agus logainmneacha. Féachfar go háirithe ar thorthaí an taighde atá déanta ag scoláirí sa réimse léinn seo. Déanfar iniúchadh níos mine sa chúrsa seo ar gach gné den ábhar ná mar a dhéantar sa chúrsa fochéime den teideal céanna (NG 339).

Modh measúnachta: aiste/togra 1,500 focal a leagfar isteach roimh an 9 Nollaig 2011, agus aiste/togra 3,000-4,500 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 531	**1&2**	**2**	**10**

Reachtaíocht Teanga agus an Ghaeilge

Léachtóir: An Dr. John Walsh

Cur síos ar an gcúrsa: Tugtar léargas don mhac léinn ar chomhthéacs na reachtaíochta teanga go hidirnáisiúnta agus ar fhorbairt na reachtaíochta teanga in Éirinn. Pléitear Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go mion agus a tábhacht i dtaca leis an mbainistíocht teanga. Iarrtar ar na mic léinn na dúshláin a bhaineann le feidhmiú reachtaíochta teanga a aithint agus bearta a mholadh chun na dúshláin sin a shárú..

Modh measúnachta: cur i láthair sa chéad seimeastar; aiste/togra 5,000 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 532	**1****	**4**	**10**

Scéalta Scáileáin na Gaeilge

Léachtóirí: An Dr. Seán Crosson, An Dr. Jeannine Woods, An tUasal Dan Dwyer, An Dr. Lillis Ó Laoire

Cur síos ar an gcúrsa: Tabharfaidh an modúl seo forléargas ar stair agus ar thábhacht na Gaeilge sna scannáin agus sna léirithe Gaeilge a rinneadh don scáileán ó 1920 i leith, na Scannáin idirnáisiúnta ina measc. Tabharfar léargas ar léirithe Bord Scannán na hÉireann agus TnaG/TG4 ó bunaíodh an stáisiún; déanfar iniúchadh ar ról Ghael Linn, na léiritheoirí

neamhspleácha agus RTÉ chomh maith. Déanfar anailís ar an tréimhse seo agus muid ag breathnú trí lionsa na mórscannán, gearrscannán agus clár faisnéise a bhaineann leis an réimse seo.
Modh measúnachta: dhá aiste 2,500-3,500 an ceann. Pléifear na spriocdhátaí le linn an chúrsa.
** Beidh an cúrsa seo ar fáil sa chéad seimeastar amháin, ach beidh an dara haiste le scríobh sa dara seimeastar.

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
NG 540	**1&2**	**2**	**10**

Abair Amhrán, Inis Scéal: Gnéithe den Bhéalaireacht sa Ghaeilge
Léachtóir: An Dr. Lillis Ó Laoire
Cur síos ar an gcúrsa: I seimeastar a haon, déanfar staidéar ar scéalta ó mhórscéalaithe Gaeltachta sna trí mhórchanúint. I seimeastar a dó, pléifear oidhreacht na hamhránaíochta. Déanfar staidéar ar chomhthéacs, ar mhodh láithrithe agus ar théamaí na dtéacsanna. Seinnfear taifeadtaí de na scéalta agus de na hamhráin le blas a thabhairt ar an mbéal beo.
Modh measúnachta: Cur i láthair ranga i Seimeastar 1 (10%) agus i Seimeastar 2 (10%); Aiste 2,500-3,000 focal i Seimeastar 1, sprioclá 10 Nollaig 2011 (30%) agus aiste 4,000 focal i Seimeastar 2, sprioclá 20 Aibreán 2012 (50%).

CUID 3
(i) AN TRÁCHTAS
40 ECTS agus 400 marc

Cód	Modúl	Seimeastar	ECTS
NG 524	**Tráchtas 15-20,000 focal**	**1&2**	**40**

Ní mór ábhar an tráchtais a phlé agus a cheadú le Stiúrthóir an Chúrsa agus an taighde a dhéanamh faoi threoir an fheighlí a cheapfar chuige sin. Féach an cháipéis 'Treoir maidir le tráchtas MA sa Nua-Ghaeilge'.

(ii) MODHANNA TAIGHDE
5 ECTS (a bhainfear as 40 ECTS an tráchtais).

Cúrsa	Seimeastar	Uaireanta sa tseachtain	ECTS
Modhanna taighde	**1**	**2 i Seimeastar 1**	**5**

Comhordaitheoir: An Dr. John Walsh
Léachtóirí: Foireann na Nua-Ghaeilge
Cur síos ar an gcúrsa: Sraith léachtaí/seimineár a mbeidh sé d'aidhm acu cur ar chumas an mhic léinn taighde neamhspleách a dhéanamh ar ghné éigin den Nua-Ghaeilge d'fhonn is go mbeidh sé/sí in ann bualadh faoi thráchtas 15,000-20,000 focal a scríobh ar an ábhar.
Modh measúnachta: Forléargas ar an tráchtas: aiste 3,000 focal a leagfar isteach ag seisiún scrúdaithe an tsamhraidh.

Caighdeáin

Pas:	40-49% san iomlán
Dara hOnóracha, Grád 2:	50-59% san iomlán
Dara hOnóracha, Grád 1:	60-69% san iomlán
Onóracha den Chéad Ghrád:	70+% san iomlán